ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann

Plean Ceadúnaithe an BAI 2017

Aibreán 2017

Plean Ceadúnaithe an BAI 2017

Mar chomhlacht atá freagrach as craolachán a rialáil in Éirinn, ceanglaítear ar Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) faoin Acht Craolacháin 2009 straitéis a ullmhú maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn. Sa Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin uaidh, a foilsíodh i mí an Mhárta 2012, leagtar amach an cur chuige a ghlacann an BAI i leith seirbhísí craolacháin a cheadúnú sa Stát (lena n-áirítear seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil ag RTÉ agus ag TG4) agus tugtar breac-chuntas ar an bhfís atá ag an BAI an meascán is fearr seirbhísí a sholáthar.

De bhun an dualgais reachtúil atá air pleananna a chur le chéile maidir le líon, le cineál agus le raon feidhme na gconarthaí craolacháin a mbeartaíonn sé dul isteach iontu (ar mholadh ón gCoiste um Dheonú Conarthaí), cuireann an BAI a phlean ceadúnúcháin don chuid eile den bhliain 2017 i láthair.

Is é atá i gceist leis an bplean sin tabhairt faoi phróiseas ceadúnaithe le haghaidh trí sheirbhís fuaime pobail agus seirbhís amháin craolacháin fuaime comhspéise. Tá na seirbhísí leagtha amach sa tábla thíos.

Cineál Seirbhíse	Limistéar Saincheadúnais	Sprioclucht Éisteachta
Pobal	Iardheisceart an Chláir – Leithinis Cheann Léime, siar ó Chill Rois agus An Dún Beag	Pobal Áitiúil
Pobal	Iardheisceart Thiobraid Árann (baile Thiobraid Árann agus baile Chaisil agus an ceantar máguaird	Pobal Áitiúil
Pobal Comhspéise	Cathair Chorcaí	Pobal Críostaí
Pobal	Baile Eochaille agus an ceantar Máguaird	Pobal Áitiúil